


An Corcán Óir



Gobnait Uí Chonchubhair
The Cartoon Saloon a mhaisigh

 AN GÚM

Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2005

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2005

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Chaeilge.

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: The Cartoon Saloon

Criterion Press Teo a chlóbhuail in Éirinn

An Gúm, 24–27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1

Ag teacht abhaile ón scoil do Shéimí
chuala sé torann taobh thiar den chlaí.



Suas le Séimí ar an gcláí.
Ní fhaca sé aon rud ar dtús.



4

Ach ansin, istigh i lár an gharraí,
chonaic sé rud éigin.




5

Firín beag a bhí ann, an firín ba lú
dá bhfaca sé riamh.
'Caithfidh sé gur leipreachán atá ann,'
arsa Séimí leis féin agus siúd leis
isteach sa gharraí.



6



7

Bhí an leipreachán ina shuí faoi chrann darach agus é ag obair leis. Ní fhaca sé Séimí ag déanamh air. Sheas Séimí taobh thiar den chrann ag faire ar an leipreachán ag obair.

Chuala sé an port a bhí ag an leipreachán:

‘Tic teaic tiú, péire bróga nua.
Cuirfidh mise an tairne agus
cuirfidh tusa an crú.’



‘Má éiríonn liom breith ar an leipreachán,’ arsa Séimí leis féin,
‘gheobhaidh mé an corcán óir.
Beidh mé saibhir ansin!’
Bhí an leipreachán ag obair leis.
‘Tic teaic tiú, péire bróga nua.
Cuirfidh mise an tairne agus cuirfidh tusa an crú,’ arsa an leipreachán.




Leis sin léim Séimí agus
rug sé greim ar an leipreachán.
'Tá tú agam,' ar seisean. 'Tá tú agam
anois! Cá bhfuil an corcán óir?'



Lig an leipreachán béic as.
'Ná maraigh mé,' ar seisean.
'Ná maraigh mé!'
'Ní mharóidh mé,' arsa Séimí,
'má insíonn tú dom cá bhfuil
an corcán óir.'





'Ní anseo atá sé,' arsa an leipreachán.
'Cá bhfuil sé, mar sin?' arsa Séimí.
'Tá sé faoin gcrann úd thall,'
arsa an leipreachán.



‘An bhfuil tú cinnte gur ansin atá sé?’
arsa Séimí.


‘Táim,’ arsa an leipreachán.
‘Maith go leor,’ arsa Séimí agus
scaoil sé leis an leipreachán.



‘Caithfidh mé dul abhaile agus sluasaid a fháil,’ arsa Séimí. ‘Ach fan!’ ar seisean. ‘Nuair a thiocfaidh mé ar ais ní bheidh a fhios agam cé acu crann a bhfuil an corcán faoi.’



‘Cuir an ribín seo ar an gcrann,’ arsa
an leipreachán agus shín sé ribín dearg
chuig Séimí. ‘Ansin beidh a fhios agat
cén crann a bhfuil an corcán faoi.’



Nuair a bhí an ribín curtha ar an
gcrann ag Séimí rith sé abhaile
agus fuair sé an tsluasaid.



24




‘Beidh mé saibhir,’ ar seisean leis féin.
‘Beidh mé saibhir!’

25

Nuair a tháinig Séimí ar ais
bhí an ribín dearg fós ar an gcrann.



26



Bhí ... agus ar na céadta crann eile
sa gharraí chomh maith!

27

Ach tásc ná tuairisc ní raibh
ar an leipreachán.

